# Remembering Reflecting & Reimagining

# Cuimhneamh Smaointeoireacht & Athshamhlu

1916–2016 Comóradh Céad Bliain
Clár Imeachtaí

1916–2016 Centenary
Programme Of Events

GMIT
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY

Ag Caomhnú Oidhreachtaí na hÉireann / Ag Tacú le Pobail Áitiúla
Cherishing Ireland's Heritages / Supporting Local Communities

# A Message from the 1916–2016 Centenary Commemoration Committee

Galway-Mayo Institute of Technology invites you to join us in this special programme of events as part of Ireland 2016, the official state programme to mark the centenary anniversary of the 1916 Rising. Our multifaceted programme of over 50 events extends to all of our campuses, to local communities and beyond. Among the range of activities taking place are the following: commemorative ceremonies, cultural activities, musical performances, a concert, re-enactments, receptions, a tribute dinner, an inter-faith service, a GAA match, book and booklet launches, a pop-up bookshop and cinemobile, exhibitions, fieldtrips, a design and creative arts competition, awards of bursaries and scholarships, outreach activities, an active learning seminar and a seven-week public lecture series to celebrate the provision of 21 years of heritage studies education. We look forward to welcoming you as the institute embarks on a journey of remembrance, reflection and reimagination.

**Dr Mark McCarthy**
Lecturer & Programme Chair
in Heritage Studies
1916–2016 Centenary Programme Coordinator

*For updates and details of new events throughout 2016, see: www.gmit.ie/1916

** The Irish language version of this brochure is available at: www.gmit.ie/1916

# Teachtaireacht ó Choiste na gCuimhneachán Céad Bliain 1916–2016

Tugann Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo cuireadh duit a bheith páirteach linn sa chlár suaithinseach imeachtaí seo mar chuid d'Éire 2016, an clár oifigiúil stáit a dhéanann comóradh céad bliain ar Éirí Amach 1916. Baineann ár gclár ilchineálach, a bhfuil os cionn 50 imeacht ann, le gach ceann d'ár gcampais, le pobail áitiúla agus le níos faide i gcéin. Tá siad seo a leanas ar na gníomhaíochtaí a bheidh ag tarlú: searmanais chomórtha, gníomhaíochtaí cultúrtha, imeachtaí ceoil, ceolchoirm, athghníomhú imeachtaí stairiúla, fáiltithe, dinnéar ómóis, seirbhís idirchreidmheach, cluiche CLG, seoladh leabhar agus leabhrán, preabshiopa leabhar agus pictiúrlann ghluaisteach, taispeántais, turais pháirce, comórtas deartha agus ealaíon cruthaitheach, bronnadh sparántachtaí agus scoláireachtaí, gníomhaíochtaí for-rochtana, seimineár foghlama gníomhaí agus sraith léachtaí poiblí a mhairfidh seacht seachtaine mar cheiliúradh ar sholáthar 21 bliain den oideachas oidhreachta. Táimid ag súil le fáilte a chur romhat de réir mar a thugann an institiúid aghaidh ar chuimhneamh, ar smaointeoireacht agus ar athshamhlú.

**Dr Marcus MacCárthaigh**
Léachtóir & Cathaoirleach Cláir
sa Léann Oidhreachta
Comhordaitheoir ar an gClár um Chomóradh Céad Bliain 1916–2016

*Más suim leat an t-eolas is deireanaí agus mionsonraí na n-imeachtaí nua i rith 2016, féach: www.gmit.ie/1916

** Tá leagan Gaeilge an bhróisiúir seo ar fáil ag: www.gmit.ie/1916

## Snáitheanna an Chláir

- Searmanais
- Smaointeoireacht Stairiúil
- An Teanga Bheo
- Samhlaíocht
- Focal Cultúrtha
- Rannpháirtíocht Pobail
- Diaspóra

## Oscailt Oifigiúil

*Fáiltiú*

**Dé Luain, 7 Márta, 5:30 i.n–6:15 i.n,**
**Bialann agus Beár Chathair na Gaillimhe,**
**Seomra 526, Campas na Gaillimhe.**

Ócáid fáiltithe mar cheiliúradh ar thús Chlár Imeachtaí Chomóradh Céad Bliain 1916–2016 ag Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh-Eo.

## Cur Crann i gConamara

*Searmanas Cuimhneacháin*

**Dé Máirt, 8 Márta, 12.30 i.n.**
**Páirc Náisiúnta Chonamara,**
**Co. na Gaillimhe.**

Cuirfidh mic léinn agus baill foirne ón Lárionad Náisiúnta um Barr Feabhais i nDearadh agus Teicneolaíocht 116 crann óg ag Campas Leitir Fraic mar chuid de thionscnamh an Champais Ghlais agus mar cheiliúradh ar chomóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916.



*Ar dheis:* Súfaidh crann tuairim is 2,240 punt dé-ocsaíde carbóin le linn a shaoil.

## "Ireland Has Shown She Is A Nation': Ráiteas deireanach Éamonn Ceannt ó chill 88, Príosún Chill Mhaighneann, an 7 Márta 1916

*Athachtú*

**Dé Máirt, 8 Márta, 1-2 i.n**

**Ceaintín, Campas na Gaillimhe.**

Rugadh Éamonn Ceannt i mBaile Bhéal Átha Mó in Oirthuaisceart Chontae na Gaillimhe an 21 Meán Fómhair 1881. Le linn an Éirí Amach, bhí sé ina Cheannfort ar an gceathrú Chathlán d'Óglaigh na hÉireann in Aontas Dheisceart Bhaile Átha Cliath. Mar dhuine den seachtar a shínigh forógra 1916, cuireadh chun báis é ag scuad lámhaigh ar an 8 Bealtaine 1916 agus é 36 bliain d'aois. Léifidh an t-aisteoir agus an seandálaí Dave Swift (bunaitheoir Claíomh, gnó don athchruthú Staire beo) téacs den ráiteas a scríobh sé lá roimh a bhás ag a 1.30 i.n. Beidh ceol ón gCumann DJ.

## Greening 1916: Cur Fál Sceach Dúchasach & Cur Crann

*Searmanas Cuimhneacháin*

**Dé Máirt, 8-11 Márta,**

**1-2 gach lá ag Campas Mhaigh-Eo.**

Mar chuid de thionscnamh an Champais Ghlais agus mar cheiliúradh ar chomóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916, cuirfear fál sceach dúchasach gach lá ag am lóin. Cuirfear crann síniúcháin chomh maith.

## Ag Cuimhneamh ar 1916: Oíche Cultúir, Ceoil & Filíochta

*Ócáid Chultúrtha*

**Dé Máirt, 8 Márta, 7-8.30 i.n**

**i Seomra Michael Davitt,**

**Campas Mhaigh-Eo.**

Oíche cultúir, ceoil agus filíochta, le filíocht W.B. Yeats á léamh ag an Dr Seán Lysaght (léachtóir ar Scor, Roinn an Ghnó, na nDaonnachtaí agus na Teicnolaíochta) agus ceol Sheáin Uí Riada ó Dhiarmuid Moynihan.

## Seo é 1916

*Searmanas Lá an Fhorógra*

**Dé Máirt, 15 Márta, 12 i.n**

**Seomra 903, Campas na Gaillimhe.**

Bainfidh an imeacht suaithinseach seo, atá eagraithe ag an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) úsáid as meascán de fhriotal, íomhánna, ceol agus amhrán chun chuimhneamh agus machnamh a dhéanamh ar ghuthanna, scéalta agus ghníomhartha na bhfear agus na mban a ghlac páirt in Éirí Ámach 1916 in Éirinn. I measc na n-imeachtaí a bheidh ar siúl ar an lá, beidh saintráchtaireacht ghairid dar teideal 'The Historical Significance of the 1916 Proclamation' leis an Dr Mary Harris (Léachtóir Sinsearach le Stair, Scoil na nDaonnachtaí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus ball den ghrúpa comhairleach saineolaithe ar Chomóradh 1916), gearrbheathaisnéis de reibiliúnaigh 1916 ó mhic léinn agus baill foirne GMIT, agus léamh filíochta le Paul Gosling (Léachtóir Sinsearach le Stair, Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) agus an Dr Ailbhe Ní Ghearbhuigh (Roinn na Gaeilge, OÉ Galway). Beidh raidhse léirithe ar théama 1916 mar chuid den searmanas ó cheoltóirí áitiúla, ina measc; Frankie Colohan (giotár agus ag gabháil foinn), Carmel Dempsey (méarchláir agus ag gabháil foinn), Jim Higgins (bodhrán agus cnagcheol), Áine Sheridan (cláirseach) agus Breda Smith (veidhlín agus feadóga). Casfaidh John Tunney (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) amhrán nuachumtha den chéad uair faoi phríomhphearsa i réabhlóid na hÉireann.

## Léamh Fhorógra 1916

*Searmanas Cuimhneacháin*

**Dé Máirt, 15 Márta, 1:15 i.n,**
**Bealach Isteach na gCuairteoirí,**
**Campas na Gaillimhe**

Léifidh oifigeach airm ó bheairic Dhún Uí Mhaoilíosa Forógra 1916 os ard. Seinnfear Mise Éire le Seán Ó Riada agus ina dhiaidh sin nochtfar dhá chóip frámaithe d'Fhorógra 1916 – cóip i mBéarla agus cóip i nGaeilge.

## Ardú an Bhrait & Casadh Amhrán na bhFiann

*Searmanas Cuimhneacháin*

**Dé Máirt, 15 Márta, 1.30 i.n.**
**Bealach Isteach Theas, Campas na Gaillimhe.**

Ardóidh oifigigh airm ó bheairic Dhún Uí Mhaoilíosa an brat.

## 1916–2016 Tionól

*Fáiltiú*

**Dé Máirt, 15 Márta, 1.45-3 i.n.**
**Café Foyer, Campas na Gaillimhe**

Cuirfear sóláistí ar fáil agus beidh ceol beo le cloisteáil ag an ócáid. Beidh fáilte roimh chách.

## Léamh ar Réabhlóid na Éireann

*Siopa Leabhar mír aníos*

**Dé Máirt, 15 Márta, 11-2 i.n.**
**Café Foyer, Campas na Gaillimhe.**

Beidh rogha leabhar agus paimfléad ar réabhlóid na hÉireann chomh maith le treoirleabhar a insíonn duit conas stair theaghlaigh a rianú ar díol ó kennys.ie – an díoltóir leabhar is mó in Éirinn ar líne.

*Mar Eolas:* Le linn 2016 beidh lascaine breise 5% ar fáil do mhic léinn agus d'fhoireann GMIT ag www.kennys.ie trí úsáid a bhaint as an gcód seo a leanas ag an seiceáil amach: GMIT2016 .

## Amhráin Frithbheartaíochta, Deoraíochta &Éirí Amach na hÉireann

*Ceolchoirm Oíche an Fhorógra*

**Dé Máirt, 15 Márta, 8-10 i.n.**
**Seomra 903, Campas na Gaillimhe**

Bígí linn ar an ócáid seo ag ceolchoirm speisialta, a mbeidh 1916 mar théama aige, leis an soprán Sandra Schaulks agus an pianodóir Tom Cullivan. Tá páirteanna éagsúla léirithe ag Sandra Schaulks mar phríomhsoprán le Taibhdhearc na Gaillimhe agus le cumainn cheoil agus cóir éagsúla. Is pianadóir clúiteach é Tom Cullivan, a bhfuil an-chuid cheol aireagail cumtha aige chomh maith le saothair cheolfhoirneacha éagsúla.

## Ó Bhéal na nDaoine: Réabhlóid na hÉireann 1913–1923

*Ocáid Stair Theaghlaigh*

**Dé Céadaoin, 16 Márta, 11am-2i.n.**
**Union Square, Campas na Gaillimhe**

Tá an Oifig Cumarsáide, Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta agus an Leabharlann ag obair as lámha a chéile ar an tionscnamh seo agus tá siad ag lorg ionchuir ó mhic léinn agus ó fhoireann GMIT chun taispeántas sealadach a chur le chéile, 'Peopling the Irish Revolution, 1913–1923'. Reachtálfar an taispeántas seo i Leabharlann Champas na Gaillimhe ón 15 Samhain-22 Nollaig. Táimid ag tabhairt cuireadh oscailte do mhic léinn agus baill foirne araon cabhrú linn an taispeántas seo a chur le chéile agus a bheith páirteach ann. Ba mhaith linn go rachaidís ar thuras ginealais ag rianú a sinsir agus go n-inseoidís scéal agus eispéaras a sinsir le linn na mblianta 1913–1923. Is iomaí scéal a bhíonn i mbéal daoine agus ba mhaith linn cloisteáil ó dhaoine a bhfuil lámhscríbhinní, déantáin, grianghraif, boinn nó earraí cuimhneacháin acu atá bainteach le Stair agus/ nó le réabhlóid na hÉireann.

## Léamh ar Réabhlóid na Éireann

*Siopa Leabhar mír aníos*

**Dé Céadaoin, 16 Márta, 11 am -3 i.n.**

**Union Square, Campas na Gaillimhe.**

Beidh rogha leabhar agus paimfléad ar réabhlóid na hÉireann agus treoirleabhar a insíonn duit conas stair do theaghlaigh a rianú ar díol ó kennys.ie – an díoltóir leabhar is mó in Éirinn ar líne.

*Mar Eolas:* Le linn 2016 beidh lascaine breise 5% ar fáil do mhic léinn agus d'fhoireann GMIT ag www.kennys.ie trí úsáid a bhaint as an gcód seo a leanas ag an seiceáil amach: GMIT2016 .

## Cad a déarfadh Kathleen?

*20 Prionta Digiteach*

**Dé Sathairn, 26 Márta,**

**Ionad Ealaíon Bhéal an Átha**

**Contae Mhaigh-Eo**

Nochtfar saothar ealaíne coimisiúnaithe le Dr Deirdre O'Mahony (Lárionad do na hEalaíona Cruthaitheacha & na Meáin), a bheidh mar chuid de thaispeántas ar fud na tíre, *Kathleen Lynn: Insider on the Outside* a bheidh á choimeád ag Catherine Marshall don Chomhairle Ealaíon/Comhairle Chontae Mhaigh-Eo, Clár Comórtha 1916.

## Céad bliain ó shin san Iarthar: Scrúdú ar Shuíomhanna Stairiúla agus Bealaí Geografacha Éirí Amach 1916 in Oirthear Chontae na Gaillimhe

*Léacht Phoiblí*

**Dé Luain, 28 Márta, 3.30-4.00 i.n.**

**Halla Pobail Bhaile Átha an Rí,**

**Contae na Gaillimhe**

Tabharfaidh an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) léacht phoiblí mar chuid de Chlár Comórtha Céad Bliain Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Beidh an léacht á reachtáil tar éis searmanais fhleascleagain a bheidh ag tarlú ag an am céanna ag pointí éagsúla ar fud chathair Bhaile Átha Cliath agus ag sain-suíomhanna réigiúnacha, lena n-áireofar Baile Átha an Rí, Luan Cásca.

## Machnamh Céad Bliain ar Éirí Amach 1916: Peirspictíoch Chontae na Gaillimhe

*Seoladh Leabhar*

**Dé Céadaoin, 30 Márta ag 6 i.n.**

**Áras an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh**

Seolfar foilseachán dátheangach, *Centenary Reflections on the 1916 Rising: A County Galway Perspective* atá curtha in eagar ag Marie Mannion (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe). I measc na gcaibidlí sa leabhar seo, beidh caibidil sínte dar teideal 'A New History of the 1916 Rising in County Galway' atá comhscríofa ag an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta) agus Shirley Wrynn (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta) agus caibidil eile ar an bPróiseas Cuimhneacháin den Éirí Amach. Seolfar mapa cuimhneacháin de shíomhanna a bhí bainteach leis an Éirí Amach i gContae na Gaillimhe ag an ócáid seo chomh maith.

## Réabhlóid i nGaillimh, 1913-1923

*Taispeántas*

**Mí Aibreáin**

**Músaem Cathrach na Gaillimhe, Paráid na Spáinneach, Gaillimh**

Mórthaispeántas á sheoladh ar thréimse na réabhlóide ina n-áireofar, rogha téacsanna, mapaí, agus grianghraif leis an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta ahus na Turasóireachta) agus Shirley Wrynn (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta). Le tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig: www.galwaycitymuseum.ie

## This Most Gallant Gentleman (1965), The Irish Rising (1966), An Tine Bheo (1966) ✍ 🤝

*Pictiúrlann shoghluaiste mír aníos*

**Dé Máirt, 5 Aibreán, 11.15 am-1.30 i.n.**
**Carrchlós Champas na Gaillimhe**

Taispeánfar trí cinn de ghearrscannáin cartlainne sa *Cinemobile*- Pictiúrlann shoghluaiste na hÉireann: Is cuntas é *This Most Gallant Gentleman* (10 nóiméad) ar thabhairt abhaile corp dí-adhlactha Roger Casement i 1965, ar cuireadh chun báis é i Londain i Lúnasa 1916. Tá an luí faoi ghradam an Stáit, an tsochraid agus an t-adhlacadh ar fhreastail an Taoiseach, Seán Lemass agus daoine mór le rá eile air ar fad faoi chaibidil sa ghearrscannán seo. Is leagan ciorraithe de *Mise Éire é The Irish Rising* (14 nóiméad) Rinneadh é don Roinn Gnóthaí Eachtracha le taispeáint go hidirnáisiúnta agus baineann sé úsáid as spól nuachta agus fíricí chun imeachtaí Éirí Amach 1916 a léiriú. Is gearrscannán é *An Tine Bheo* (40 nóiméad) a rinne an Stát a choimisiniú chun iubhaile caoga bliain an Éirí Amach a chéiliúradh i 1966. Tá dearcadh an laoich i leith na troda ar son saoirse na hÉireann le sonrú sa scannán seo, a bhfuil fuaimrian spreagúil ón gcumadóir, Seán Ó Riada aige. Tá cuimhní cinn ó iarshaighdiúirí 1916 agus íomhánna d'fhoirgnimh agus séadchomharthaí a bhain leis an Éirí Amach fite fuaite le chéile sa scannán.

## Mise Éire (1959) ✍ 🤝

*Pictiúrlann shoghluaiste mír aníos*

**Dé Máirt, 5 Aibreán, 2:15-4:15 i.n.**
**Carrchlós, Campas na Gaillimhe**

Beidh léiriú den scannán *Mise Éire* (85 nóiméad) sa phictiúrlann sho-ghluaiste. Úsáideann an scannán bunphíosaí nuachtscannáin ó 1896 go 1918 chun scéal na hÉireann roimh an Éirí Amach, le linn an Éirí Amach agus tar éis an Éirí Amach a insint. Tá cáil ar an scannán seo a stiúraigh George Morrison chomh maith mar gheall ar fhuaimrian ceolfhoirneach Sheáin Uí Riada.

## Ag láimhseáil Ábhar Chultúrtha & Oidhreacht Inláimhsithe 1916 ✍ 🤝

*Seimineár Foghlama Gníomhaí*

**Dé Máirt, 5 Aibreán, 5:15–7:15 i.n.**
**Seomra 1041, Campas na Gaillimhe**

Tugtar cuireadh duit a bheith i láthair le Dave Swift ó *Claíomh* chun breathnú ar ábhar cultúrtha agus oidhreacht inláimhsithe Éirí Amach 1916. Beidh an pobal in ann éide chomhraic a chaith Óglaigh na hÉireann, Cumann na mBan, agus Arm Chatha na hÉireann a fheiceáil chomh maith le déantáin a bhaineann leis an RIC agus Arm na Breataine. Breathnóidh an taispeántas seo ar armra ón ré, ar nós an 'Howth' Mauser 1871 agus an raidhfil SMLE Lee Enfield chomh maith le harmáil ar nós piostal, claimhte agus beaignití. Caithfear súil chomh maith ar earraí a bhain le saol laethúil an ama, ar nós ceirmeacht, gloiní agus boinn airgid, rud a thabharfaidh léargas iomlán ar an saol in Éirinn ag tús an fichiú chéad.



*Thuas:* Cuireadh suas an dealbh seo de Liam Mellows, a bhí mar cheann feadhain ar an Éirí Amach in Oirthear Chontae na Gaillimhe, san Fhaiche Mhór, Gaillimh in 1957.

## Turas Chontae & Chathair na Gaillimhe 1916

*Turas allamuigh*

**Dé hAoine, 8 Aibreán, 10 am-6 i.n.**

**Contae na Gaillimhe agus Cathair na Gaillimhe**

Eagróidh an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) turas lae go suíomhanna stairiúla agus cuimhneacháin atá bainteach leis an Éirí Amach i gContae na Gaillimhe i 1916. *Tabhair faoi deara:* Beidh áiteanna ar an mbus agus ar an turas siúil in áirithe do mhic léinn agus baill foirne GMIT amháin.

## 1916: Scéal Mhaigh-Eo

*Taispeántas*

**Dé Luain, 11 Aibreán, 12 i.n.**

**Campas Mhaigh-Eo**

Seolfaidh mic léinn ón BA um Chultúr agus Comhshaol agus ón BA san Oidhreacht taispeántas, a mbeidh an Dr Yvonne McDermott i mbun coimeádaíochta air (Roinn an Ghnó, na hOidhreachta agus na Teicneolaíochta).

## Corn Liam Mellows

*Cluiche iománaíochta*

**Dé Máirt, 12 Aibreán, 6.30 i.n.**

**Páirc Imeartha GMIT, Campas na Gaillimhe**

Imreofar cluiche dúshláin idir GMIT agus Club CLG Liam Mellows mar aitheantas ar an mbaint a bhí ag CLG san athbheochan agus i réabhlóid na hÉireann, agus ar ról Liam Mellows mar cheann feadhain ar Éirí Amach i gContae na Gaillimhe. Bronnfar gradam buan ar na buaiteoirí; sé sin Corn Liam Mellows.

## Ag cuimhneamh ar Éirí Amach na Cásca in Éirinn, 1916-2016: Céad bliain de Chuimhneachán

*Colún Irise: Dréacht ó Aoi*

**Dé Luain, 18 Aibreán**

**An Ghearmáin**

Mar chuid de chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916, foilseoidh an iris Ghearmánach unique – iris ollscoile idirchultúrtha i Jena, Weimar agus Erfurt-aiste leis an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) sa cholún 'Memorique'.

## An Cornal Maurice Moore & Óglaigh na hÉireann in Iarthar na hÉireann

*Léacht Phoiblí*

**Dé Máirt, 19 Aibreán, 8i.n. –9i.n.**

**P002, Campas Mhaigh-Eo**

Léacht Phoiblí le Fiona White (Roinn an Ghnó, na nDaonnachtaí agus na Teicneolaíochta).




*Ar dheis:* Club Iománaíochta GMIT ag imirt cluiche baile ag Campas na Gaillimhe.

## Seirbhís Idirchreidmheach

*Cuimhneamh agus Machnamh*

**Déardaoin, 21 Aibreán, 1:15 i.n–1:45 i.n.**

**Seomra 903, Campas na Gaillimhe**

Déanfaidh seiplínteacht GMIT an tseirbhís a óstáil i gcomhar le ceannairí creidimh eile agus pobail áitiúla.

## Conair Oidhreachta Éirí Amach 1916: Téigh ar thuras go dtí na Suíomhanna Stairiúla & Cuimhneacháin

*Seoladh leabhráin agus Turas allamuigh*

**Dé hAoine, 29 Aibreán 10 am-5.30 i.n**

**Gort, Contae na Gaillimhe**

Mar chomóradh ar an lá ar tháinig deireadh leis an Éirí Amach i gContae na Gaillimhe 100 bliain ó shin ag Teach Bhaile na Creige, seolfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leabhrán turasóireachta agus conair oidhreachta atá réitithe agus scríofa ag an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT), Marie Mannion (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe) agus Shirley Wrynn (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT). Eagrófar turas bus chuig na suíomhanna éagsúla chomh maith.

## Éirí Amach na hÉireann, 1916-2016: Cuimhneamh, Smaointeoireacht, Athshamhlú

*Aoi-Léacht*

**Dé Sathairn, 21 Bealtaine, 3:00-4:00 i.n.**

**Túr Bhaile Uí Laí, Contae na Gaillimhe**

Tabharfaidh an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) aoi-léacht don chumann *The O'Shaughnessy Gathering.*

*Ar dheis:* An t-Éirí Amach in oirthear Chontae na Gaillimhe a tháinig chun críche ag Teach Bhaile na Creige Dé Sathairn, 29 Aibreán 1916.

## Feirmeoireacht & Saol faoin Tuath 1916: Ceiliúradh Céad Bliain

*Comhdháil Agus Taispeántas*

**Dé hAoine, 10 Meitheamh, Dé Sathairn, 11 Meitheamh**

**Campas Mellows', Teagasc, Baile Átha an Rí Contae na Gaillimhe**

Eagróidh Teagasc agus Comhairle Chontae na Gaillimhe comhdháil ar an téama *Farming and Country Life 1916: Centenary Celebration* i gcomhar le heagraíochtaí feirmeoireachta agus pobail áitiúla. Caithfear súil san imeacht seo ar na hathruithe atá tagtha ar an bhfeirmeoireacht agus ar shaol na tuaithe ó 1916 go 2016. Beidh talamh agus seilbh talún, meicniú, beostoc, saol an teaghlaigh feirmeoireachta agus saol na tuaithe faoi chaibidil san imeacht seo, mar aon le cúrsaí bia, an cheardaíocht agus an tírdhreach oidhreachta atá ag síorathrú. Beidh baill foirne ó Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT ag glacadh páirte sa snáithe acadúil, a mbeidh léachtanna oidhreachta agus scoil scairte mar chuid de. Cuirfidh baill foirne ón Lárionad Náisiúnta um Barr Feabhais i nDearadh agus Teicneolaíocht taispeántas ar siúl ag Campas GMIT ag Leitir Fraic ina mbeidh samplaí d'adhmad deilte agus ábhar eile ar taispeáint.



## Peirspictíochtaí ar Stair & Cuimhne Éirí Amach 1916 i nGaillimh

*Léacht le haoi-léachtóir*

**Lúnasa**

**Gaillimh**

Mar chomóradh ar Sheachtain na hOidhreachta 2016, tabharfaidh Shirley Wrynn (iarrthóir PhD, Roinn na hOidhreachta, GMIT) aoi-léacht do Dhúchas na Gaillimhe.

## Atlas de Réabhlóid na hÉireann

*Foilseachán Nua*

**Meán Fómhair**

**Corcaigh**

Foilsiú an tsaothair, *'Atlas of the Irish Revolution* le Cork University Press, curtha in eagar ag an Dr John Crowley (Roinn na Tíreolaíochta, UCC) agus Mike Murphy (Roinn na Tíreolaíochta, UCC). Beidh caibidil san imleabhar seo ar éabhlóid Óglaigh na hÉireann i gContae na Gaillimhe agus tráchtaireachtaí ar Éirí Amach 1916 i gContae na Gaillimhe atá comhscríofa ag an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) agus Shirley Wrynn (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT).

## Talking About The Revolution: Ag Caint Faoin Réabhlóid

*An 7ú Comhdháil Idirnáisiúnta Oidhreachta*

**Meán Fómhair Gaillimh**

Labhróidh An Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) agus Shirley Wrynn (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) ag an gComhdháil seo atá á heagrú ag an Dr Jim Higgins (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe).

## Éabhlóid na gColáistí Réigiúnacha Teicniúla/na n-Institiúidí Teicneolaíochta Léacht Chumann Oidhreachta

*21 Meán Fómhair 1:00-2:00 i.n.*

*Seomra 994, Campas na Gaillimhe*

Léacht le Bernard O'Hara (iarbhall den fhoireann agus iarchláraitheoir, GMIT.)

## Dinnéar Ómóis Éamoinn Cheannt

*Searmanas Cuimhneacháin*

**21 Meán Fómhair, 5:15 i.n.**

**Bialann agus Beár Chathair na Gaillimhe, Seomra 526, Campas na Gaillimhe**

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar 135 bliain ó bhreith Éamoinn Cheannt i mBéal Átha Mó, Contae na Gaillimhe, réiteoidh agus dáilfidh foireann agus mic léinn Scoil Óstáin Idirnáisiúnta GMIT na Gaillimhe, arna chomhordú ag Noel Loughnane agus Diarmaid Ó Conghaile, dinnéar ómóis.Beidh garneachtanna Cheannt, Mary Gallagher agus Nora Sleator, i láthair mar Aíonna Speisialta. Sula ndáilfear an príomhchúrsa, déanfaidh Dave Swift as Claíomh athléiriú ar litir dheireanach Cheannt chuig a bhean, a scríobhadh cúpla uair an chloig sular cuireadh chun báis é i bPríosún Chill Mhaighneann ar an 8 Bealtaine 1916. Tar éis an dinnéir, taispeánfar an clár sa tsraith '1916 Seachtar na Cásca' faoi Cheannt. Léirigh Pierce Boyce ó Abú Media an tsraith clár faisnéise seo, arna stiúradh ag Dathaí Keane agus arna haithris ag Brendan Gleeson don chraoltóir Gaeilge TG4.

## Éirí Amach na hÉireann, 1916–2016: an Stair Phoiblí, an Tíreolas Stairiúil & Oidhreachtaí Cultúrtha

*Seoladh Chomóradh 21 bliain den Léann Oidhreachta -Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 27 Meán Fómhair, 5.30 i.n. -6.30 i.n.**

**Café Foyer, Campas na Gaillimhe**

Fáiltiú chun tús a chur le sraith léachtaí poiblí a

bheidh ar siúl thar thréimhse seacht seachtainí (ina mbeidh 13 cainteoirí) a dhéanfaidh 21 bliain d'oideachas sa Léann Oidhreachta ag GMIT (an RTC mar a bhí) a cheiliúradh. Beidh an Dr Mark McCarthy (an Roinn Oidhreachta agus Turasóireachta) ina chomhordaitheoir ar an tsraith a bheidh faoi choimirce Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, i gcomhar leis an gCumann Oidhreachta. Le linn an fháiltithe, tabharfaidh Lelia Doolan dreas cainte faoin bhfile agus an fealsúnaí John O'Donohue atá ar shlí na fírinne. Bhí John ina theagascóir ar an gcéad chlár den chúrsa Oidhreachta i 1995 agus bhí sé ina bhall de Ghrúpa Gníomhaíochta na Boirne.

## An Stair Phoiblí, Stairithe na hÉireann & 1916

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 27 Meán Fómhair, 6:30 i.n.-7.30 i.n.**
**Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh an t-Ollamh Gearóid Ó Tuathaigh (Ollamh Emeritus le Stair, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) an chéad léacht den tsraith 'Éirí Amach na hÉireann, 1916-2016'.

## Gradam Alumni an Léinn Oidhreachta

*Urraithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe*

**Dé Máirt, 27 Meán Fómhair, 7.30 i.n.**
**Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Bronnfar an gradam seo, a bhfuil luach €500 air, ar chéimí ón gcúrsa BA (Onóracha) sa Léann Oidhreachta ar éirigh leis tuiscint an phobail a chothú san oidhreacht chultúrtha i measc pobail áitiúla i gContae na Gaillimhe le linn chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916.

## Comórtas Chomóradh Céad Bliain 1916 GMIT sa Dearadh & sna hEalaíona Cruthaitheacha

*Spriocla*

**Dé hAoine, 30 Meán Fómhair**

Tá an comórtas seo, atá á chomhordú ag Marion McEnroy (an Lárionad do na hEalaíona Cruthaitheacha & na Meáin) oscailte do mhic léinn cláraithe ó gach campas ag GMIT agus fáilteofar roimh iarratais ar an téama seo a leanas, '*Penumbra*: Ireland, 1916–2016'. Tabhair faoi deara gurb é an 30 Meán Fómhair ag a 2 a chlog i.n. an spriocla d'iarratais. Roghnóidh painéal moltóirí an buaiteoir. Le tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig: www.gmit.ie/1916

## Cú Chulainn: Miotas, Seandálaíocht & Náisiúnachas

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 4 Deireadh Fómhair, 5:15 i.n. -6.15 i.n**
**Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh Paul Gosling (Léachtóir sa Léann Oidhreachta, Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta) an dara léacht den tsraith 'Éirí Amach na hÉireann, 1916-2016'. Beidh sóláistí ar fáil tar éis na léachta.

## 'We'll Sing You A Song, A Soldier's Song': Amhráin 1916 agus Cogadh na Saoirse

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 4 Deireadh Fómhair 6:45 i.n.–7:45 i.n.**
**Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh John Tunney (Léachtóir agus Stiúrthóir an Chláir Léinn sa Léann Oidhreachta, Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta) an tríú léacht den tsraith 'Éirí Amach na hÉireann, 1916-2016'.

## Éirí Amach 1916 i gContae na Gaillimhe, Mapaí, Grianghraif & Radharcra Oidhreachta

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 11 Deireadh Fómhair, 5:15 i.n.–6:15 i.n. Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh Mark McCarthy (Léachtóir sa Léann Oidhreachta, Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta) an ceathrú léacht den tsraith 'Éirí Amach na hÉireann, 1916-2016'. Beidh sóláistí ar fáil tar éis na léachta.

## Ag Cuimhneamh ar Éirí Amach 1916 Chontae na Gaillimhe

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 11 Deireadh Fómhair 6:45i.n.–7:45i.n. Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh Shirley Wrynn (Iarrthóir PhD, Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta) an cúigiú léacht den tsraith 'Éirí Amach na hÉireann, 1916-2016'.

## *Penumbra*: Ireland, 1916–2016

*Seoladh an Taispeántais*

**Dé Luain, 17 Deireadh Fómhair, 5.30 i.n. Long Gallery, Campas an Lárionaid do na hEalaíona Cruthaitheacha & na Meáin**

Seolfar gearrliosta roghnaithe d'iarratasóirí atá san iomaíocht do Chomórtas Chomóradh Céad Bliain 1916 GMIT sa Dearadh & sna hEalaíona Cruthaitheacha. Bronnfar trí cinn de sparántachtaí, a mbeidh luach €500 an ceann orthu ar bhuaiteoirí an chomórtais.

## Dearadh agus Ealaíon Ré an Chogaidh in Éirinn, c. 1916

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 18 Deireadh Fómhair 5:15i.n.- 6:15i.n. Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh Marion McEnroy (Léachtóir i Stair na hEalaíne, an Lárionaid do na hEalaíona Cruthaitheacha & na Meáin) an séú léacht den tsraith léachtaí poiblí 'Éirí Amach na hÉireann, 1916-2016'. Beidh sóláistí ar fáil tar éis na léachta.

## Cuimhní Teaghlaigh ar Réabhlóid na hÉireann i gCathair na Gaillimhe

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 18 Deireadh Fómhair 2016, 6:45 i.n.–7:45 i.n. Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh Peadar O'Dowd (Léachtóir ar scor, Scoil an Ghnó, GMIT) an seachtú léacht den tsraith léachtaí poiblí 'Éirí Amach na hÉireann, 1916-2016'.

## Ról Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gComóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 25 Deireadh Fómhair, 5:15i.n.- 6:15i.n. Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh Marie Mannion (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe) an t-ochtú léacht den tsraith léachtaí poiblí 'Éirí Amach na hÉireann, 1916-2016'. Beidh sóláistí ar fáil tar éis na léachta.

## Réabhlóidí Ciúin Acla: Anita Macmahon, Gníomhaíoch Polaitiúil & Sóisialta

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 25 Deireadh Fómhair, 6:45 i.n.- 7:45 i.n.**
**Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh Sheila McHugh (Léachtóir sa Léann Reiligiúnach, Roinn na nDaonnachtaí, na dTeangacha Feidhmeacha agus Cumarsáide, GMIT) an 9ú léacht sa tsraith léachtaí poiblí 'Éirí Amach na hÉireann, 1916–2016'. Beidh sólaistí ar fáil tar éis na léachta.

## Ról Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gComóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 1 Samhain, 5:15i.n.–6:15i.n.**
**Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh an Dr Jim Higgins (Oifigeach Oidhreachta) an 10ú léacht den tsraith léachtaí poiblí 'Éirí Amach na hÉireann, 1916–2016'.

## Taispeántas den Troid ar son Saoirse na hÉireann: Réabhlóid i nGaillimh 1913–1923 i Músaem Cathrach na Gaillimhe

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 1 Samhain, 6:45 i.n.–7:45 i.n.**
**Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh Brendan McGowan (Stiúrthóir Gníomhach/Oifigeach Oideachais agus For-rochtana Mhúsaem Cathrach na Gaillmhe) an 11ú léacht den tsraith léachtaí poiblí 'Éirí Amach na hÉireann, 1916–2016'.

## 'The Most Shoneen Town In Ireland?': Baile na Gaillimhe i mbun Cogaidh & Réabhlóide 1913–1921

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 8 Samhain, 5:15i.n.–6:15i.n.**
**Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh an Dr Conor McNamara (Scoláire Cónaithe 1916, Institiúid de Móra) an dara léacht déag den tsraith léachtaí poiblí 'Éirí Amach na hÉireann, 1916–2016'. Beidh sólaistí ar fáil tar éis na léachta.

## Connacht Rangers & Cath an Somme, 1916

*Comóradh ar 21 bhliain den Léann Oidhreachta-Sraith Léachtaí Poiblí*

**Dé Máirt, 8 Samhain, 6:45 i.n. –7:45 i.n.**
**Seomra 994, Campas na Gaillimhe**

Tabharfaidh Joe Loughnane (Léachtóir ar scor, Roinn na n-Ealaíon Cócaireachta, GMIT) an 13ú agus an léacht dheireanach den tsraith léachtaí poiblí 'Éirí Amach na hÉireann, 1916–2016'.

## Turas Éirí Amach 1916 go Cathair Bhaile Átha Cliath

*Turas allamuigh*

**Dé Luain, 14 Samhain,**
**8:00 am–10 i.n. Baile Átha Cliath**

Beidh turas lae á eagrú faoi stiúr an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) chuig suíomhanna éagsúla atá bainteach le 1916, ina n-áirítear; Cnoc an Arbhair, Príosún Chill Mhaighneann, An Gáirdín Cuimhneacháin, Sráid Uí Mhórdha, Ard-Oifig an Phoist agus Músaem an Phiarsaigh. *Tabhair faoi deara:* Cuirfear áiteanna ar an mbus agus ar an turas siúil in áirithe do mhic léinn agus baill foirne GMIT amháin.

## Liam Mellows agus Éirí Amach 1916

*Seachtain Leabharlanna Éireann*

**Dé Máirt, 15 Samhain, 1:00 i.n.**

**Seomra 973, Leabharlann Champas na Gaillimhe**

Tabharfaidh Shirley Wrynn léacht phoiblí (Iarrthóir PhD, Roinn na hOidhreachta agus Turasóireachta, GMIT).

## Ó Bhéal na nDaoine: Réabhlóid na hÉireann 1913–1923

*Taispeántas*

**Dé Máirt, 15 Samhain, 4i.n.**

**An Leabharlann, Campas na Gaillimhe**

Seolfar taispeántas de lámhscríbhinní, déantáin, grianghraif, boinn agus cuimhneacháin ó mhic léinn agus baill foirne GMIT, a mbeidh Regina Daly (Oifigeach Cumarsáide, GMIT), Bernie Lally (Leabharlann GMIT) agus an Dr Mark McCarthy (Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta, GMIT) i mbun coimeádaíochta air. Beidh samplaí d'adhmad deilte atá déanta ag baill foirne ón Lárionad Náisiúnta um Barr Feabhais i nDearadh agus Teicneolaíocht ar taispeáint sa leabharlann ar Champas GMIT ag Leitir Fraic chomh maith.

## Pádraig Mac Piarais: Aghaidh an Éirí Amach

*Seachtain Leabharlanna Éireann*

**Dé Céadaoin, 16 Samhain, 1:00i.n.**

**Seomra 973, An Leabharlann, Campas na Gaillimhe**

Léacht phoiblí le Brian Crowley (Coimeádaí, Músaem an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath).

## Éirí Amach Katie Fahey: Rómáns & Réabhlóid i gContae na Gaillimhe, c. 1916–1921

*Seachtain Leabharlanna Éireann*

**Déardaoin, 17 Samhain, 1:00i.n.**

**Seomra 973, An Leabharlann, Campas na Gaillimhe**

Léacht phoiblí leis an Dr John Cunningham (Léachtóir le Stair, Scoil na nDaonnachtaí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh).

## Scoláireacht Chomóradh Céad Bliain 1916 GMIT

*Dámhachtain Acadúil*

**Samhain**

Bronnfar an Scoláireacht seo, a bhfuil luach €1,916 air, ar mac léinn céad bliana a bheidh ag tabhairt faoi chúrsa i réimse na hOidhreachta ag Campas na Gaillimhe nó ag Campas Mhaigh-Eo. Bronnfar an dámhachtain seo ar an té a bhaineann amach na pointí is mó san Ardteistiméaracht i 2016. Déanfar an scoláireacht a bhronnadh ag ócáid aonuaire bhliantiúil, Oíche Bhronnadh na Scoláireachtaí. Le haghaidh tuilleadh eolais ar chúrsaí i réimse na hOidhreachta ag GMIT,
Téigh chuig: www.gmit.ie/courses/all-courses

## As na Cartlanna, 1916: Réabhlóid & Athchuimhne

*Taispeántas ar camchuairt*

**1–22 Nollaig**

**An Leabharlann, Campas na Gaillimhe**

Beidh an taispeántas seo atá á choimeád ag Patria McWalter, Cartlannaí, Cartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar siúl sa Leabharlann ar feadh trí seachtainí. Beidh ábhar ilchineálach ann ón gcartlann a bhaineann le saol daoine a raibh tionchar ag Éirí Amach 1916 orthu i gContae na Gaillimhe.

## Members of the 1916–2016 Centenary Commemoration Committee

**Sean Breen**
(Léachtóir, Lárionad Náisiúnta um Barr Feabhais i nDearadh agus Teicneolaíocht)
**Antoinette Canavan**
(Comhordaitheoir Gníomhartha Mac léinn, Aontas na Mac léinn)
**Regina Daly**
(Oifigeach Cumarsáide)
**Bernie Lally**
(Leas-Leabharlannaí, An Leabharlann)
**Joe Loughnane**
(Léachtóir ar scor, Roinn na hEalaíona Cócaireachta)
**Noel Loughnane**
(Léachtóir, Roinn na hEalaíona Cócaireachta)
**Dr Mark McCarthy**
(Léachtóir agus Stiúrthóir an Chláir Léinn sa Léann Oidhreachta, Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta)
**Dr Yvonne McDermott**
(Léachtóir le Cultúr agus Timpeallacht, Roinn an Ghnó, na nDaonnachtaí agus na Teicneolaíochta)
**Marion McEnroy**
(Léachtóir i Stair na hEalaíne, Lárionad do na hEalaíona Cruthaitheacha & na Meáin)
**Ivan McPhilips**
(Léachtóir le Fiontraíocht, Scoil an Ghnó)
**Ruth Merrigan**
(Bainisteoir, Aontas na Mac Léinn)
**Mark O'Brien**
(Leas- Uachtarán don Oideachas, Aontas na Mac Léinn)
**Damien O'Connor**
(Bliain IV, BA (Onóracha) sa Léann Oidhreachta)
**Bernard O'Hara**
(Ball den fhoireann ar scor agus iar-Chláraitheoir)
**Gerry O'Neill**
(Ceann Roinne, Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta; na dTeangacha Feidhmeacha agus na Cumarsáide)
**Eimear Ó Tuathaigh**
(Léachtóir le Teangacha, Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta; Roinn na dTeangacha Feidhmeacha agus na Cumarsáide)
**Karen Smyth**
(Oifigeach Margaíochta)
**Fiona Whyte**
(Léachtóir agus Stiúrthóir an Chláir Léinn sa Chultúr agus Timpeallacht, Roinn an Ghnó, na nDaonnachtaí agus na Teicneolaíochta)
**Shirley Wrynn**
(Iarrthóir PhD, Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta)

## Le haghaidh Tuilleadh eolais

Má tá tuilleadh eolais uait faoin gClár Imeachtaí seo, déan teagmháil le:

**An Dr Mark McCarthy**
Léachtóir agus Cathaoirleach an Chláir Léinn sa Léann Oidhreachta,
Comhordaitheoir ar an gClár um Chomóradh Céad Bliain 1916–2016
Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh-Eo
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Gaillimh
ríomhphost: mark.mccarthy@gmit.ie
teil: 091 742411

*íomhá ar chúl:* Leacht 1916 ag Teach Bhaile na Creige, Contae na Gaillimhe.

DEARADH LE: VERMILLON



GMIT
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY

ÉIRE
IRELAND
1916
2016
Clár Comórtha
Céad Bliain
*Centenary*
*Programme*

www.gmit.ie/1916

Remembering, Reflecting & Reimagining
Cuimhneamh, Smaointeoireacht & Athshamhlú

GMIT (Official)

@GMITOfficial

GMIT Channel

GMIT_Official

ireland.ie

#ireland2016